



AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséal 5.2.2010  
COIM(2010)12 leagan deireanach

2010/0004 (COD)

C7-0024/10

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le ranníocaíochtaí ón Aontas Eorpach leis an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn  
(2007-2010)**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- Forais agus cuspóirí an togra

Tá ranníocaíochtaí á dtabhairt ag an Aontas Eorpach don Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn ón mbliain 1989 i leith. Don tréimhse 2005 go 2006, gealladh EUR 15 mhilliún in aghaidh na bliana ó bhuiséad an Chomhphobail do na blianta 2005 agus 2006 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 177/2005 ón gComhairle an 24 Eanáir 2005 maidir le ranníocaíochtaí ón gComhphobal leis an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn<sup>1</sup>. Chuaigh an Rialachán sin in éag an 31 Nollaig 2006 agus ghlac Rialachán (CE) Uimh. 1968/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le ranníocaíochtaí ón gComhphobal leis an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn (2007-2010)<sup>2</sup> a ionad. Glacadh an Rialachán sin, mar a glacadh gach rialachán roimhe sin, ar bhonn Airteagal 308 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh.

Bhí Parlaimint na hEorpa den tuairim gurbh é Airteagal 159(3) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (ar ionann é agus Airteagal 175 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh anois) an bunús dlí ceart don Rialachán sin agus sheol sí caingean neamhnithe<sup>3</sup> os comhair na Cúirte Breithiúnais. Thug an Chúirt a breithiúnas uaithi an 3 Meán Fómhair 2009 agus rialaigh sí gur cheart Airteagal 159(3) agus Airteagal 308 araon a úsáid mar bhunús dlí. Cuireadh Rialachán (CE) Uimh. 1968/2006 ón gComhairle ar neamhní, dá bhrí sin, agus d'iarr an Chúirt ar na hinstiúidí rialachán eile a ghlacadh ag a mbeadh bunús déach dlí.

I gcomhréir le rialú na Cúirte tá an Coimisiún Eorpach ag tíolacadh togra nua le haghaidh Rialacháin.

I gcomparáid leis an rialachán a cuireadh ar neamhní, léirítear an bunús déach dlí in aithrisí an togra le haghaidh rialacháin nua. Ní thagann aon athrú ar na hairteagail, cé is moite d'Airteagal 12 lena bhforáiltear go gcuirfear Airteagal 6 i bhfeidhm go cúlghabhálach, ós rud é gurbh é an fhoráil a bhí déanta san airteagal sin sa rialachán a cuireadh ar neamhní go gcuirfí straitéis um chlabhsúr chuig an gCoimisiún faoi Mheitheamh 2008. Tá an straitéis um chlabhsúr curtha chuig an gCoimisiún cheana agus tá sé formheasta aige.

- Comhthéacs ginearálta

Bunaíodh an Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn sa bhliain 1986 ar mhaithe le hAirteagal 10(a) de Chomhaontú Angla-Éireannach 15 Samhain 1985 a chur chun feidhme. Is éard atá foráilte leis an Airteagal sin go *gcomhoibreoidh an dá rialtas le chéile chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na gceantar sin ar an dá thaobh den teorainn in Éirinn a chur chun cinn, is é sin le rá na ceantair sin a ndeachaigh iarmhairtí na héagobhsaíochta le blianta beaga anuas i bhfeidhm orthu, agus déanfaidh an dá Rialtas an deis tacaíocht idirnáisiúnta a fháil don obair sin a mheas.*

---

<sup>1</sup> IO L 30, 3.2.2005, lch. 1.

<sup>2</sup> IO 2006 L 409, lch. 86.

<sup>3</sup> Cás C-166/07.

Is iad na cuspóirí atá leis an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn "dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta a chur chun cinn agus teagmháil, idirphlé agus athmhuintearas a spreagadh idir náisiúnaithe agus aontachtaithe ar fud na hÉireann"<sup>4</sup>.

Thosaigh na Stáit Aontaithe agus tíortha eile ag tabhairt ranníocaíochtaí don Chiste agus, tamall ina dhiaidh sin, chinn an tAontas Eorpach tacaíocht phraiticiúil a thabhairt don tionscnamh, óir d'aithin sé gurb ionann na cuspóirí leis an gCiste agus na cuspóirí atá á saothrú aige féin. Thosaigh an AE ag tabhairt tacaíocht airgeadais don Chiste sa bhliain 1989. Is ionann an tacaíocht a thug an AE don Chiste agus timpeall 58 % de ranníocaíochtaí bliantúla 2008 agus is ionann sin agus 40 % de na ranníocaíochtaí carnacha go dtí seo. Ó thús na bliana 1989 bíonn ionadaí thar ceann an Choimisiúin i láthair mar bhreathnóir ar chruinnithe Bhord an Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn.

Tá athrú tagtha le himeacht aimsire ar chúla polaitiúil an réigiúin. Sa bhliain 1994, d'fhógair na príomhghrúpaí paraimíleata éagsúla sosanna comhraic agus in Aibreán 1998, le síniú Chomhaontú (Bhéal Feirste) Aoine an Chéasta, bunaíodh réiteach polaitiúil do phróiseas síochána, agus tugadh cumhachtaí déabhlóide do Thionól Thuaisceart Éireann agus do Choiste Feidhmiúcháin, a bunaíodh ag deireadh na bliana 1999. Tarlaíonn líon suntasach eachtraí slándála fós a mbíonn cúiseanna seicteacha leo agus tá méadú ag teacht ar an scoilt shíceolaíoch agus fhisiceach idir na príomhphobail. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta le deich mbliana anuas, is léiriú é ar an leochaileacht agus ar an éiginnteacht a bhaineann leis an bpróiseas síochána sa réigiún gur cuireadh an próiseas déabhlóide ar fionraí ceithre huaire.

Sa chomhthéacs sin, is próiseas fadtéarmach é an dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta ar mhaithe leis an tsíocháin agus le hathmhuintearas ar leibhéal an phobail.

Tá sé tugtha le fios ag an gCiste Idirnáisiúnta nach bhféadfar an leibhéal de thacaíocht idirnáisiúnta atá á tabhairt faoi láthair a choimeád go deo na ndeor agus ní bheidh aon chuidiú airgeadais á iarraidh aige ar na bronntóirí tar éis na bliana 2010. Sa bhliain 2005, rinne an Ciste athbhreithniú ar struchtúir agus ar thosaíochtaí an Chiste d'fhonn an misean atá aige a athdhearbhú i bhfianaise na n-athruithe atá tagtha chun cinn agus tá creat straitéiseach glactha aige atá ag treorú an Chiste sa chéim dheireanach dá ghníomhaíochtaí. "*Sharing this Space*" a thugtar ar an straitéis sin agus is creat straitéiseach atá ann do ghníomhaíochtaí sa tréimhse 2006 - 2010. Le linn na tréimhse sin, tá an Ciste ag díriú ar na réimsí sin a bhfuil an gá is mó acu le tacaíocht agus tá sé ag déanamh gach iarrachta a áirithiú go mbeidh an obair a dhéanfaidh sé inmharthana san fhadtéarma.

- Aon fhorálacha eile atá ann sa réimse seo

Níl infheidhme

- Comhsheasmhacht le beartais eile

Is comhlánú é an Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn ar na gníomhaíochtaí a dhéantar faoi Chláir an AE um Shíocháin agus Athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún na Teorann in

---

<sup>4</sup> Caomhaontú idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann maidir leis an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn, 18 Meán Fómhair 1986 (arna leasú go deireanach an 10 Deireadh Fómhair 2000); Conradh RA Sraith Uimh. 58 (1987) Cm 266 / Éire Uimh. 1 (1986) Cmnd 9908.

Éirinn ("PEACE I" 1995-1999, "PEACE II" 2000-2006 agus "PEACE III" 2007-2013) mar gur ionstraim í a thacaíonn leis an sprioc atá ag na cláir sin.

## **2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ IARMHARTA**

- Comhairliúchán

Níl infheidhme

- Saineolas a bhailiú agus a úsáid

I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 177/2005 ón gComhairle<sup>5</sup> ullmhaíodh an Rialachán a cuireadh ar neamhní ar bhonn na Tuarascála a cuireadh chuig an Údarás Buiséadach ina dearnadh measúnú ar ghníomhaíochtaí an Chiste<sup>6</sup> agus a ghabh leis an Rialachán sin. Is é a dhéantar a mheas sa Tuarascáil na gníomhaíochtaí sin den Chiste ina n-úsáidtearaineolas ón gCoimisiún chun anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus ar na sonraí a bailíodh ó na foinsí seo a leanas:

- an mhonatóireacht leanúnach a dhéanann an Coimisiún ar an gCiste;
- cuairteanna agus iniúchadh a dhéanann an Coimisiún ar na tionscadail le linn chruinnithe Bhord an Chiste;
- lucht bainistíochta an Chiste agus na dtionscadal;
- tuarascálacha agus staidéir a dhéanann an Ciste.

Sa Tuarascáil, tugadh aitheantas do na gníomhaíochtaí fiúntacha agus dearfacha atá á ndéanamh ag an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn ar mhaithe leis an tsíocháin agus le hathmhuintearas sa réigiún, agus go bhfuil na cuspóirí a bhí leagtha síos don Chiste á mbaint amach dá bharr. Ba é an tátal a bhí ar an tuarascáil sin:

"creideann an Coimisiún gur cheart an cistiú tar éis 2006 a thabhairt bunaithe ar na tuairimí a tugadh sa tuarascáil seo, agus d'fhéadfaí na tuairimí sin a chur in iúl tríd an Rialachán todhchaí ón gComhairle maidir le ranníocaíocht ón AE leis an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn, nó trí mheáin eile comhair idir an Coimisiún agus an Ciste".

- Measúnú Iarmharta

Ós rud é go bhfuil an rialachán seo ag glacadh ionad rialacháin eile ar mhaithe le cinneadh na Cúirte maidir leis an rogha bunús dlí a shásamh agus ós rud é nach bhfuil aon leasú déanta ar airteagail an Rialacháin sin measadh nach mbeadh sé comhréireach Measúnú Iarmharta a dhéanamh.

---

<sup>5</sup> IO L 30, 3.2.2005, lch. 1.

<sup>6</sup> COIM(2006) 563, 12.10.2006.

### **3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN TOGRA**

- Bunús dlí

Airteagal 175 agus Airteagal 352(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

- Rogha Ionstraimí

Is Rialachán í an ionstraim atá beartaithe agus glacfaidh sí ionad an Rialacháin a cuireadh ar neamhní i gcomhréir le breithiúnas na Cúirte.

### **4. IMPLEACHT BHUISÉADACH**

Déanann an togra foráil do ranníocaíochtaí AE ar luach EUR 15 mhilliún in aghaidh na bliana leis an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn ar feadh tréimhse ceithre bliana idir 2007 agus 2010. Tíocfaidh an tréimhse nua atá beartaithe chun críche, dá bhrí sin, in 2010 arb í an bhliain dheireanach í freisin a mbeidh an Ciste ag lorg ranníocaíochtaí ó na bronntóirí.

Togra le haghaidh

## **RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

### **maidir le ranníocaíochtaí ón Aontas Eorpach leis an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn (2007-2010)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 175 agus Airteagal 352(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach<sup>7</sup>,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún<sup>8</sup>,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<sup>9</sup>,

Tar éis dóibh an togra a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 294 agus Airteagal 352(1) den Chonradh,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Bunaíodh an Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn (dá ngairfear “an Ciste” anseo feasta) i 1986 faoi Chomhaontú 18 Meán Fómhair 1986 idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir leis an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn (dá ngairfear “an Comhaontú” anseo feasta) d'fhonn dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta a chur chun cinn, agus d'fhonn teagmháil, idirphlé agus athmhuintearas a chothú idir náisiúnaithe agus aontachtaithe ar fud na hÉireann, agus ceann de na cuspóirí a bhí sonraithe sa Chomhaontú Angla-Éireannach an 15 Samhain 1985 a chur chun feidhme ar an gcaoi sin.
- (2) Tá ranníocaíochtaí á dtabhairt ag an Aontas don Chiste ó 1989, mar go n-aithníonn an Aontas gurb ionann iad cuspóirí an Chiste agus na cuspóirí atá á saothrú aige féin. Don tréimhse 2005 go 2006, gealladh EUR 15 mhilliún in aghaidh na bliana ó bhuiséad an Chomhphobail do na blianta 2005 agus 2006 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 177/2005 ón gComhairle an 24 Eanáir 2005 maidir le ranníocaíochtaí ón gComhphobal leis an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn<sup>10</sup>. D'imigh an Rialachán sin in éag an 31 Nollaig 2006.

---

<sup>7</sup> IO C [...]

<sup>8</sup> IO C [...]

<sup>9</sup> IO C [...]

<sup>10</sup> IO L 30, 3.2.2005, lch. 1.

- (3) Tá sé dearbhaithe sna measúnuithe a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 177/2005 go bhfuil gá tacaíocht bhreise a thabhairt do ghníomhaíochtaí an Chiste, agus an tsineirgíocht idir na cuspóirí agus an comhordú le scéimeanna faoi na Cistí Struchtúracha a threisiú, go háirithe an tsineirgíocht leis an gClár Speisialta um Shíocháin agus Athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus i gcontaetha na teorann in Éirinn (dá ngairfear “clár PEACE” anseo feasta) a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 ag leagan síos forálacha ginearálta maidir leis na Cistí Struchtúracha<sup>11</sup>.
- (4) Ar mhaithe leis an bpróiseas síochána i dTuaisceart Éireann is gá leanúint ar aghaidh, tar éis an 31 Nollaig 2006, leis an tacaíocht a thugann an tAontas don Chiste. Mar aitheantas ar an iarracht speisialta a dhéantar don phróiseas síochána, tá sé beartaithe tacaíocht bhreise ó na Cistí Struchtúracha a thabhairt do chlár PEACE feadh na tréimhse 2007 go 2013 faoi mhír 22 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle ag leagan síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe agus ag aisghairm Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999<sup>12</sup>.
- (5) Le linn cruinnithe sa Bhruiséil an 15 agus 16 Nollaig 2005, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún gach beart is gá a dhéanamh ionas go leanfar ar aghaidh leis an tacaíocht a thugann an Comhphobal don Chiste de réir mar a chuirtear tús leis an gcéim dheireanach d'obair an Chiste a mhairfidh go dtí 2010.
- (6) Is é is príomhchuspóir don Rialachán seo tacaíocht a thabhairt don tsíocháin agus don athmhuintearas trí réimse gníomhaíochtaí atá níos leithne ná an réimse sin atá cumhdaithe faoi na Cistí Struchtúracha agus a théann níos faide ná an raon feidhme atá le beartas an Aontais um chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta.
- (7) Is i bhfoirm ranníocaíochtaí sna blianta 2007, 2008, 2009 agus 2010 a bheidh an rannchuidiú a thabharfaidh an tAontas don Chiste, agus ar an dóigh sin tiocfaidh deireadh leis an rannchuidiú sin an tráth céanna a thiocfaidh deireadh leis an gCiste.
- (8) Nuair a bheidh ranníocaíochtaí an Aontais á leithdháileadh, ba cheart go dtabharfaí tús áite do na tionscadail sin a bhfuil gné thrasteorann nó thrasphobail iontu, sa tslí is go gcomhlánóidh siad na gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoi chlár PEACE feadh na tréimhse idir 2007 agus 2010.
- (9) I gcomhréir leis an gComhaontú, beidh gach ranníocóir leis an gCiste páirteach mar bhreathnóirí ag cruinnithe Bhord an Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn.
- (10) Tá sé thar a bheith tábhachtach comhordú cuí a áirithiú idir ghníomhaíochtaí an Chiste agus na gníomhaíochtaí sin a mhaoinítear faoi na Cistí Struchtúracha mar a fhoráiltear dóibh le hAirteagal 175 den Chonradh, go háirithe clár PEACE.
- (11) Ba cheart suim thagartha airgid, de réir bhrí Phointe 38 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 17 Bealtaine 2006 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach agus le bainistíocht fhóna airgeadais<sup>13</sup> a

---

<sup>11</sup> IO L 161, 26.6.1999, lch. 1.

<sup>12</sup> IO L 210, 31.7.2006, lch. 25.

<sup>13</sup> IO C 139, 14.6.2006, lch. 1.

áireamh sa Rialachán seo don tréimhse iomlán a mhairfidh an clár, ar shlí nach ndéanfaidh dochar do chumhachtaí an údaráis bhuiséadaigh mar atá sainmhínithe sa Chonradh.

- (12) EUR 15 milliún in aghaidh na bliana, do na blianta 2007, 2008, 2009 agus 2010, curtha in iúl ag luachanna reatha, a bheidh i ranníocaíocht an Aontais leis an gCiste.
- (13) Tá an straitéis a seoladh don chéim dheireanach de ghníomhaíochtaí an Chiste (2006 - 2010) dar teideal "Sharing this Space" dírithe ar cheithre phríomhréimse: bunsráitheanna athmhuintearais a chur síos sna pobail is imeallaithe, naisc a chothú ar mhaithe le teagmháil idir phobail scoilte, iarracht a dhéanamh bogadh i dtreo sochaí níos comhtháthaithe agus oidhreacht a fhágáil. Is é an aidhm bhunúsach atá leis an gCiste agus leis an Rialachán, dá bhrí sin, athmhuintearas a spreagadh idir phobail.
- (14) Rannchuideoidh an tacaíocht ón Aontais le dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit agus idir phobail na mBallstát a threisiú.
- (15) Níor cheart an cúnamh ón gCiste a úsáid ach a fhad a chruthaíonn sé feabhas inbhuanaithe eacnamaíoch agus sóisialta agus níor cheart é a úsáid mar chiste malartach do chaiteachas eile poiblí nó príobháideach.
- (16) Faoi Rialachán (CE) Uimh. 1968/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le ranníocaíochtaí ón gComhphobal leis an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn (2007-2010)<sup>14</sup> leagadh síos suim thagartha airgid ar mhaithe leis an gCiste a chur chun feidhme feadh na tréimhse 2007 go 2010.
- (17) Chuir Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach Rialachán (CE) Uimh. 1968/2006 ar neamhní ina breithiúnas an 3 Meán Fómhair 2009 ar Chás C-166/07 (*Parlaimint na hEorpa v. an Chomhairle agus an Coimisiún*)<sup>15</sup> toisc gur ar Airteagal 308 amháin den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a bunaíodh an Rialachán sin agus rialaigh sí gurb iad an tríú mír d'Airteagal 159 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus Airteagal 308 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh araon an bunús dlí iomchuí. Rialaigh an Chúirt freisin, áfach, go bhfanfadh Rialachán (CE) Uimh. 1968/2006 i bhfeidhm go dtí cibé tráth a thiocfadh rialachán nua a ghlacfaí ar bhunús dlí iomchuí i bhfeidhm, laistigh de thréimhse réasúnach, agus nár cheart go ndéanfaidh neamhniú Rialachán (CE) Uimh. 1968/2006 aon dochar do bhailíocht na n-íocaíochtaí a rinneadh nó na ngealltanais a tugadh faoin Rialachán sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

EUR 60 milliún a bheidh sa tsuim thagartha airgid chun an Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn (dá ngairfear "an Ciste" anseo feasta) a chur chun feidhme sa tréimhse 2007-2010.

Is é an t-údarás buiséadach a údaróidh na leithreasaí bliantúla laistigh de theorainneacha an chreata airgeadais.

---

<sup>14</sup> IO L 409, 30.12.2006, lch. 86.

<sup>15</sup> Níor foilsíodh go fóill.



## *Airteagal 2*

Déanfaidh an Ciste na ranníocaíochtaí a úsáid i gcomhréir leis an gComhaontú an 18 Meán Fómhair 1986 idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir leis an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn (dá ngairfear "an Comhaontú" anseo feasta).

Nuair a bheidh na ranníocaíochtaí á leithdháileadh, tabharfar tús áite do na tionscadail sin a bhfuil gné thrasteorann nó thrasphobail iontu, sa tslí is go gcomhlánóidh siad na gníomhaíochtaí a mhaoineítear faoi na Cistí Struchtúracha, agus go háirithe na tionscadail sin a mhaoineítear faoi chlár PEACE atá i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann agus i gcontaetha na teorann in Éirinn (dá ngairfear "chlár PEACE" anseo feasta).

Úsáidfear na ranníocaíochtaí sa tslí is go gcruthóidh sí feabhas inbhuanaithe eacnamaíoch agus sóisialta sna ceantair sin lena mbaineann. Ní úsáidfear an ranníocaíocht mar chiste malartach do chaiteachas eile poiblí nó príobháideach.

## *Airteagal 3*

Déanfaidh an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais ag cruinnithe Bhord an Chiste agus is i gcáil breathnóra a bheidh sé.

Beidh ionadaí thar ceann an Chiste mar bhreathnóir ar chruinnithe Choiste Monatóireachta chlár PEACE, agus ar aon scéimeanna eile a bhaineann leis na Cistí Struchtúracha de réir mar is iomchuí.

## *Airteagal 4*

Cinnfidh an Coimisiún, i gcomhar le Bord an Chiste, na nósanna imeachta iomchuí chun comhar a chothú ar gach leibhéal idir an Ciste agus na húdaráis bhainistíochta agus na comhlachtaí cur chun feidhme a bhunaítear faoi na scéimeanna lena mbaineann de chuid na gCistí Struchtúracha, go háirithe faoi chlár PEACE.

## *Airteagal 5*

Cinnfidh an Coimisiún, i gcomhar le Bord an Chiste, an phoiblíocht iomchuí agus na nósanna imeachta faisnéise a mbeidh gá leo chun ranníocaíochtaí an Aontais leis na tionscadail a mhaoineítear faoin gCiste a phoibliú.

## *Airteagal 6*

Faoin 30 Meitheamh 2008 ar a dhéanaí, cuirfidh an Ciste a straitéis um chlabhsúr ar ghníomhaíochtaí an Chiste chuig an gCoimisiún, agus beidh an méid seo a leanas ar áireamh sa straitéis sin:

- (a) plean gníomhaíochta ina mbeidh na híocaíochtaí atá beartaithe agus dáta beartaithe don chlabhsúr;
- (b) nós imeachta um dhíscor;

- (c) an chaoi ina ndéileálfar le haon iarmharmhéideanna agus aon ús a fuarthas agus clabhsúr á chur ar an gCiste.

Beidh íocaíochtaí a dhéanfar leis an gCiste ina dhiaidh sin faoi réir fhormheas an Choimisiúin a fháil don straitéis um chlabhsúr. Mura gcuirfear an straitéis um chlabhsúr isteach faoin 30 Meitheamh 2008, stadfar de na híocaíochtaí leis an gCiste go dtí go bhfaightear an straitéis.

### *Airteagal 7*

1. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh na ranníocaíochtaí a riaradh.

Déanfar an ranníocaíocht bhliantúil, faoi réir mhír 2, i dtráthchodanna mar seo a leanas:

- (a) déanfar an chéad réamhíocaíocht de luach 40% nuair a bheidh gealltanais, sínithe ag Cathaoirleach Bhord an Chiste, faighte ag an gCoimisiún, agus go mbeidh sé tugtha le fios sa ghealltanais sin go gcomhlíonfaidh an Ciste na coinníollacha chun an ranníocaíocht a leagtar amach sa Rialachán seo a dheonú;
- (b) déanfar an dara réamhíocaíocht de luach 40% sé mhí ina dhiaidh sin;
- (c) íocfar an 20% eile nuair a bheidh an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Chiste agus cuntais iniúchta na bliana i dtrácht faighte agus glactha ag an gCoimisiún.

2. Sula ndéanfaidh an Coimisiún tráthchuid a íoc, déanfaidh sé measúnú ar riachtanais airgeadais an Chiste agus beidh an measúnú sin bunaithe ar iarmhéid airgid an Chiste an tráth a bheidh sceidealta do gach íocaíocht. Más rud é, tar éis an mheasúnaithe sin, nach bhfuil riachtanais airgeadais an Chiste ina údar cuí le tráthchuid áirithe a íoc, cuirfear an íocaíocht lena mbaineann ar fionraí. Athbhreithneoidh an Coimisiún an cinneadh sin de réir aon fhaisnéis nua a chuirfidh an Ciste ar fáil agus leanfaidh sé leis na híocaíochtaí a luaithe a mheasfar go bhfuil údar cuí leo.

### *Airteagal 8*

Ní fhéadfar ranníocaíocht ón gCiste a leithdháileadh ar aon ghníomhaíocht a fhaigheann cúnamh airgid faoi scéim de chuid na gCistí Struchtúracha nó a bhfuil airgead dlite di faoi scéim den saghas sin, ach amháin mura sáraíonn suim an chúnaimh airgid sin móide 40% den ranníocaíocht ón gCiste 75% de chostas iomlán incháilithe na gníomhaíochta.

### *Airteagal 9*

Cuirfear tuarascáil chríochnaitheach chuig an gCoimisiún sé mhí roimh dháta an chlabhsúir atá beartaithe sa straitéis um chlabhsúr dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 6 nó sé mhí tar éis an íocaíocht dheireanach a dhéanfaidh an tAontas, cibé acu is túisce a tharlóidh, agus beidh an fhaisnéis go léir is gá ar áireamh sa tuarascáil chun go mbeidh sé ar chumas an Choimisiúin an tslí inar cuireadh an cúnamh chun feidhme agus an cuspóir a baineadh amach a mheasúnú.

### *Airteagal 10*

Déanfar an ranníocaíocht dheireanach den bhliain tar éis an anailís ar riachtanais airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 7(2) a dhéanamh agus ar choinníoll go gcloíonn feidhmíocht an Chiste leis an straitéis um chlabhsúr dá bhforáiltear in Airteagal 6.

### *Airteagal 11*

Is é an 31 Nollaig 2013 an dáta deireanach a mbeidh an caiteachas incháilithe.

### *Airteagal 12*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an [...]ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 6 amhail ón 1 Eanáir 2007.

Rachaidh an Rialachán seo in éag an 31 Nollaig 2010.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an [...]

*Thar ceann Parlaimint na hEorpa*  
*An tUachtarán*  
[...]

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
[...]

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

Réimse beartais: REGIO

Gníomhaíocht: Gníomhaíochtaí eile réigiúnacha

**TEIDEAL NA GNÍOMHAÍOCHTA: RANNÍOCAÍOCHTAÍ ÓN AONTAS LEIS AN gCISTE IDIRNÁISIÚNTA D'ÉIRINN (2007-2010)**

### 1. LÍNE BUISÉID + CEANNTIDEAL

13.03.12

### 2. NA FIGIÚIRÍ FORIOMLÁNA

**2.1. Leithdháileadh iomlán ar gníomhaíochtaí (Cuid B):** EUR 60 milliún faoi chomhair oibleagáidí

**2.2. Tréimhse feidhme:** 2007-2010

#### 2.3. Meastachán foriomlán ilbhliantúil ar chaiteachas:

(a) Sceideal de na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí/ na leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí (idirghabháil airgeadais) *(féach pointe 6.1.1)*

EUR milliún (*go dtí an 3ú deachúil*)

	Bliain [n] 2007	[n+1] 2008	[n+2] 2009	[n+3] 2010	[n+4]	[n+5 agus dá éis]	Iomlá n
Oibleagáidí	15	15	15	15			60
Íocaíochtaí			15	15	15	15	60

(b) Caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin agus ar thacaíocht theicniúil agus riaracháin *(féach pointe 6.1.2)*

Oibleagáidí							
Íocaíochtaí							

Fo-iomlán a+b							
Oibleagáidí	15	15	15	15			60
Íocaíochtaí			15	15	15	15	60

(c) An iarmhairs iomlán airgeadais ag caiteachas ar acmhainní daonna agus ar riarachán eile *(féach pointí 7.2 agus 7.3)*

Oibleagáidí/íocaíochtaí	0,042	0,042	0,042	0,042			
-------------------------	-------	-------	-------	-------	--	--	--

<b>IOMLÁN a+b+c</b>							
Oibleagáidí	15,042	15,042	15,042	15,042			60,168
Íocaíochtaí	0,042	0,042	15,042	15,042	15	15	60,168

#### 2.4. Comhoiriúnacht don chlárú airgeadais agus don pheirspictíocht airgeadais

Tá an togra comhoiriúnach don chlárú airgeadais atá ann cheana.

#### 2.5. Impleachtaí airgeadais do chúrsaí ioncaim:

Níl aon impleachtaí airgeadais ag an togra (baineann sé le gnéithe teicniúla i dtaobh beart a chur chun feidhme)

### 3. TRÉITHE BUISÉADACHA

Saghas caiteachais		Nua	Ranníocaíocht CSTE	Ranníocaíochtaí ó na tíortha is iarrthóirí	Ceannteideal sa Pheirspictíocht Airgeadais
Neamhéige antach	LD	NÍ HEA	NÍL	NÍL	1A

#### 4. BUNÚS DLÍ

Airteagal 352(1) agus Airteagal 175 den Chonradh

#### 5. TUAIRISC AGUS FORAIS

##### 5.1. Riachtanas le hidirghabháil an Aontais

###### 5.1.1. Na cuspóirí a shaothrófar

Teagmháil, idirphlé agus athmhuintearas a spreagadh idir náisiúnaithe agus aontachtaithe ar fud na hÉireann agus dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta an dá phobal sin a chur chun cinn.

###### 5.1.2. Na forais leis an obair

Tá ranníocaíochtaí á dtabhairt ag an Aontas Eorpach don Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn ó 1989 i leith mar thacaíocht leis an bpróiseas síochána, mar go n-aithníonn an tAontas gurb ionann iad cuspóirí an Chiste agus na cuspóirí atá á saothrú aige féin. Tá EUR 289 milliún tugtha ag an AE don Chiste go dtí seo.

Le linn cruinnithe sa Bhruiséil an 15 agus 16 Nollaig 2005, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún gach beart is gá a dhéanamh ionas go leanfar ar aghaidh leis an tacaíocht a thugann an AE don Chiste de réir mar a chuirtear tús leis an gcéim dheireanach d'obair an Chiste a mhairfidh go dtí 2010, is é sin an bhliain dheireanach a lorgóidh an Ciste ranníocaíochtaí ó na bronntóirí.

Is léiriú soiléir ar thacaíocht an AE don phróiseas síochána i dTuaisceart Éireann go bhfuil sé tiomanta leanúint ar aghaidh leis an tacaíocht airgeadais seo go ceann ceithre bliana eile go dtí go dtiocfaidh deireadh leis an gCiste.

## 5.2. Gníomhaíocht atá beartaithe agus socruithe idirghabhála buiséid

- Teagmháil, idirphlé agus athmhuintearas a spreagadh idir náisiúnaithe agus aontachtaithe ar fud na hÉireann agus dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta an dá phobal sin a chur chun cinn.
- Tá feidhm leis an gCiste i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún na Teorann in Éirinn den chuid is mó, agus díríonn sé ar na limistéir sin atá ainmnithe mar limistéar faoi mhíbhuntáiste.
- Chun anailís mhionsonraithe a fháil ar ghníomhaíochtaí an Chiste, féach an tuarascáil ón gCoimisiún COIM(2006) 563 an 12 Deireadh Fómhair 2006.

## 5.3. Modhanna cur chun feidhme

Comhbhainistiú le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

Agus é faoi réir measúnú ar riachtanais airgeadais an Chiste, déanfar an ranníocaíocht bhliantúil i dtráthchodanna mar seo a leanas de ghnáth: déanfar an chéad réamhíocaíocht de luach 40% nuair a bheidh gealltanais faighte ag an gCoimisiún, agus an gealltanais sin sínithe ag Cathaoirleach Bhord an Chiste, ina dtabharfar le fios go gcomhlíonfaidh an Ciste an Rialachán ón gComhairle. Déanfar an dara réamhíocaíocht de luach 40% sé mhí ina dhiaidh sin agus íocfar an 20% eile nuair a bheidh an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Chiste agus cuntais iniúchta na bliana i dtrácht faighte agus glactha ag an gCoimisiún.

## 6. TIONCHAR AR AIRGEADAS

### 6.1. Tionchar iomlán airgeadais ar Chuid B – (thar thréimhse iomlán an chláir)

#### 6.1.1. Idirghabháil airgeadais

Oibleagáidí (in EUR milliún go dtí an 3ú deachúil)

Miondealú	[Bliain n] 2007	[n+1] 2008	[n+2] 2009	[n+3] 2010	[n+4]	[n+5 agus dá éis]	Iomlán
Gníomhaíocht 1	15	15	15	15			60
Gníomhaíocht 2							

etc.							
<b>IOMLÁN</b>	15	15	15	15			60

6.1.2. *Cúnamh teicniúil agus riaracháin, caiteachas ar thacaíocht agus caiteachas TF (leithreasáí faoi chomhair oibleagáidí)*

Níl infheidhme.

6.2. **Ríomh na gcostas in aghaidh gach beart atá beartaithe i gCuid B (thar thréimhse iomlán an chláir)**

Níl infheidhme.

**7. TIONCHAR AR CHAITEACHAS FOIRNE AGUS RIARACHÁIN**

**7.1. Tionchar ar acmhainní daonna**

Saghsanna post		Na baill foirne a mbeidh sé de chúram orthu an ghníomhaíocht a bhainistiú ag baint úsáide as acmhainní atá ann cheana agus/nó acmhainní breise		Iomlán	Tuirisc ar na cúraimí a thagann as an ngníomhaíocht
		Líon na bpost buan	Líon na bpost sealadach		
Oifigigh foireann shealadach	A	0,2		0,2	<i>Is féidir tuairisc níos iomláine a chur i gceangal más gá</i>
	B	0,1		0,1	
	C				
Acmhainní daonna eile					
Iomlán		0,3		0,3	

**7.2. Tionchar iomlán airgeadais ar acmhainní daonna**

Saghas acmhainní daonna	Suim(€)	Modh don ríomh *
Oifigigh Foireann shealadach	32 400	0,3 * €108 000
Acmhainní daonna eile (sonraigh an líne buiséid)		
Iomlán	32 400	

Beidh na riachtanais le haghaidh acmhainní daonna agus riaracháin cumhdaithe sa leithdháileadh is féidir a dheonú ar an Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

**7.3. Caiteachas eile riaracháin a thioctaidh as an ngníomhaíocht**

Líne buiséid (uimhir agus ceannteideal)	Suim €	Modh don ríomh

<b>Leithdháileadh foriomlán (Teideal A7)</b>		
A0701 – Mísín	8 000	€800 * 10 p.a. (5 mhísean de 2 lá an ceann ar an meán)
A07030 – Cruinnithe		
A07031 – Coistí éigeantacha		
A07032 – Coistí neamhéigeantacha		
A07040 – Comhdhálacha		
A0705 – Staidéar agus comhairliúchán		
Caiteachas eile (sonraigh) Iniúchadh	1 600	€800 * 2 p.a.
<b>Córais faisnéise (A-5001/A-4300)</b>		
<b>Caiteachas eile -Cuid A (sonraigh)</b>		
Iomlán	9 600	

Is ionann na suimeanna agus an caiteachas iomlán do thréimhse bliana.

I.	Iomlán bliantúil (7.2 + 7.3)	€42 000
II.	Fad na gníomhaíochta	4 bliana
III.	Costas iomlán na gníomhaíochta (I x II)	€168 000

## 8. SOCRUITHE LEANTACHA AGUS MEASTÓIREACHT

### 8.1. Socruithe leantacha

Déanfaidh an Coimisiún monatóireacht ar ghníomhaíochtaí an Chiste trí láithreach leanúnach a bheith aige mar bhreathnóir ar an mBord agus gheobhaidh an Coimisiún na miontuairiscí ar chruinnithe Choiste Comhairleach an Chiste. Is iad seirbhísí iniúchta agus rialúcháin DG REGIO a dhéanfaidh rialú ar ghníomhaíochtaí an Chiste. Is iad líon agus luach na dtionscadal a cheadóidh an Ciste a bheidh ina dtáscairí ar thorthaí.

Cuirfidh an Ciste cuntais bhliantúla agus tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Chiste os comhair an Choimisiúin gach bliain, agus beidh ar an gCoimisiún a bheith sásta leo sula ndéanfar na híocaíochtaí leis an gCiste. Lena chois sin, beidh na híocaíochtaí leis an gCiste faoi réir measúnú ar riachtanais airgeadais an Chiste agus is é an Coimisiún a dhéanfaidh an measúnú sin bunaithe ar iarmhéid airgid an Chiste an tráth a bheidh sceidealta do gach íocaíocht.

Ós rud é go bhfuil deireadh ag teacht leis an gCiste in 2010 iarradh air a straitéis don chlabhsúr ar ghníomhaíochtaí an Chiste a chur chuig an gCoimisiún agus beidh aon íocaíocht a dhéanfar leis an gCiste ina dhiaidh sin faoi réir fhormheas an Choimisiúin a fháil don straitéis um chlabhsúr. D'fhormheas an Coimisiún an Straitéis sin i Meán Fómhair 2009. Mar chuid den phacáiste don chlabhsúr, cuirfidh an Ciste an fhaisnéis uile is gá isteach a chuideodh leis an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an chúnaimh agus ar bhaint amach na gcuspóirí.



## **8.2. Meastóireacht**

Chun meastóireacht a fháil ar ghníomhaíochtaí an Chiste, féach an tuarascáil ón gCoimisiún COIM(2006) 563 an 12 Deireadh Fómhair 2006.

## **9. BEARTA FRITH-CHALAOISE**

Tá ionadaí thar ceann an Choimisiúin ar Bhord an Chiste agus ní íocfar an ranníocaíocht bhliantúil dheireanach go dtí go bhfaighfear tuarascáil bhliantúil agus cuntais iniúchta an Chiste agus go mbeidh glactha leo. Is iad seirbhísí iniúchta agus rialúcháin DG REGIO a dhéanfaidh rialú ar obair an Chiste.